Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Márta 2026
(OR. en)

7209/26

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0423(COD)**

**CODEC 418**
**CLIMA 135**
**ENV 227**
**TRANS 143**
**MI 231**
**PE 37**

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1242 a mhéid a bhaineann le ríomh na gcreidmheasanna astaíochta le haghaidh feithiclí tromshaothair i gcás thréimhsí tuairiscithe na mblianta 2025 go 2029<br>- An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, an 9 go dtí an 12 Márta 2026) |

## I. RÉAMHRÁ

An 18 Feabhra 2026, tháinig Coiste na mBuanionadaithe ar chomhaontú maidir le sainordú[1] don Uachtaránacht don chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa i gcomhréir leis an togra ón gCoimisiún gan aon leasú, d'fhonn teacht ar chomhaontú go pras le Parlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh ar an mbonn sin.

[1] 6510/26.

Tar éis do sheisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa formheas a dhéanamh ar an iarraidh ón gCoiste um an gComhshaol, um an Aeráid agus um Shábháilteacht Bia (ENVI) leanúint ar aghaidh de réir Riail 170 (Nós imeachta práinneach) an 10 Márta 2026, mhol Coiste ENVI an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin a ghlacadh gan leasuithe. Ina theannta sin, chuir grúpa polaitiúil ‘na Glasaigh’/‘an tSaor-Chomhghuaillíocht Eorpach’ cúig leasú síos (leasuithe 1 go 5) agus chuir an grúpa polaitiúil ‘An Chlé’ leasú amháin síos (leasú 6).

## II. VÓTÁIL

Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 12 Márta 2026 tríd an togra ón gCoimisiún a ghlacadh ar láimh agus trí dhiúltú do na leasuithe uile a cuireadh síos. Tá an seasamh sin le fáil sa rún reachtach uaithi.

Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é, a fhormheas agus, ar an gcaoi sin, an chéad léamh a thabhairt chun críche don dá Institiúid.

D’fhéadfaí an gníomh reachtach a ghlacadh ina dhiaidh sin san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ó Pharlaimint na hEorpa.

## P10_TA(2026)0084

## Ríomh na gcreidmheasanna astaíochta le haghaidh feithiclí tromshaothair i gcás thréimhsí tuairiscithe na mblianta 2025 go 2029

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Márta 2026 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1242 a mhéid a bhaineann le ríomh na gcreidmheasanna astaíochta le haghaidh feithiclí tromshaothair i gcás thréimhsí tuairiscithe na mblianta 2025 go 2029 (COM(2025)0784 – C10-0351/2025 – 2025/0423(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2025)0784),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus 192(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C10-0351/2025),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– tar éis di dul i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

– tar éis di dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

– ag féachaint do Riail 60 agus Riail 170 dá Rialacha Nós Imeachta,

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**P10_TC1-COD(2025)0423**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 12 Márta 2026 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2026/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1242 a mhéid a bhaineann le ríomh na gcreidmheasanna astaíochta i gcás feithiclí tromshaothair le haghaidh thréimhsí tuairiscithe na mblianta 2025 go 2029**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Tar éis dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

---

2 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Márta 2026.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] na spriocanna $CO_2$ d'fheithiclí tromshaothair. Is cuid lárnach iad na spriocanna sin de chreat an Aontais chun laghdú 55 % faoi bhun leibhéil 1990 ar a laghad a dhéanamh ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 agus chun aeráidneodracht ar fud an gheilleagair a bhaint amach faoi 2050.

(2) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2019/1242 spriocanna laghdaithe astaíochtaí $CO_2$ a éiríonn níos déine de réir a chéile do mhonaróirí. Leis na spriocanna sin, soláthraítear cinnteacht agus intuarthacht fhadtéarmach d'infheisteoirí feadh an tslabhra luacha, agus an tráth céanna tugtar aga tionscanta leordhóthanach le haghaidh aistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, nach n-athródh leibhéal na spriocanna laghdaithe astaíochtaí $CO_2$ a bunaíodh faoi Rialachán (AE) 2019/1242 .

---

3 Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí nua tromshaothair agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 595/2009 agus (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/53/CE ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 202, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1242/oj).

(3) Chun comhlíonadh na spriocanna is infheidhme ó 2030 agus ar aghaidh a éascú agus i bhfianaise na moille ar imscaradh an bhonneagair luchtaithe phoiblí feadh mótarbhealaí le haghaidh feithiclí tromshaothair, ba cheart do mhonaróirí a bheith in ann níos mó creidmheasanna astaíochta a ghiniúint roimh an mbliain sin, rud a d'fhéadfadh imscaradh níos luaithe feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha a dhreasú chomh maith.

(4) Le linn thréimhsí tuairiscithe na mblianta 2025 go 2029, ba cheart do mhonaróirí creidmheasanna astaíochta a bhailiú má tá a n-astaíochtaí sonracha $CO_2$ faoi bhun na sprice i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ seachas faoi bhun na conaire laghdaithe astaíochtaí $CO_2$.

(5) Ós rud é go bhfuil dul chun cinn déanta cheana féin maidir le húsáid busanna uirbeacha astaíochtaí nialasacha agus nach bhfuil tionchar diúltach ar a n-úsáid de bharr easpa a d'fhéadfadh a bheith ar an mbonneagar luchtaithe phoiblí feadh mótarbhealaí, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le busanna uirbeacha.

(6) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon solúbthacht bhreise a thabhairt do mhonaróirí feithiclí maidir lena gcomhlíonadh agus leibhéal uaillmhéine na spriocanna laghdaithe $CO_2$ á choinneáil ar bun san am céanna, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/1242 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) 2019/1242 mar a leanas:

(1) in Airteagal 7(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) an difríocht idir conair laghdaithe astaíochtaí $CO_2$ dá dtagraítear i mír 2 do thréimhse thuairiscithe na bliana 2025 agus a mheánastaíochtaí sonracha $CO_2$ an mhonaróra sin le haghaidh thréimhsí tuairiscithe na mblianta 2025 go 2029; agus an difríocht idir conair laghdaithe astaíochtaí $CO_2$ do thréimhsí tuairiscithe na mblianta seachas 2025 go 2029 agus meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ an mhonaróra sin don tréimhse tuairiscithe chéanna, má tá an difríocht sin dearfach (‘creidmheasanna astaíochta’); nó’

(2) leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla i bpointe 5.2:

‘

| | $2019 \leq Y < 2025$ | $2025 \leq Y < 2030$ | $2030 \leq Y < 2040$ |
|---|---|---|---|
| $cCO2(NO)_Y$ | $[ET(2025)_Y - CO2(2025)_Y] \times V_Y$ | $[ET2025(NO)_Y - CO2(NO)_Y] \times V_Y$ | $[ET(NO)_Y - CO2(NO)_Y] \times V_Y$ |
| $dCO2(NO)_Y$ | $0$ | $[CO2(2025)_Y - T(2025)_Y] \times V_Y$ | $[CO2(NO)_Y - T(NO)_Y] \times V_Y$ |
| $cCO2(M)_Y$ | 0 | $[ET2025(M)_Y - CO2(M)_Y] \times V_Y$ | $[ET(M)_Y - CO2(M)_Y] \times V_Y$ |
| $dCO2(M)_Y$ | 0 | 0 | $[CO2(M)_Y - T(M)_Y] \times V_Y$ |

’;

(2) i bpointe 5.2, cuirtear isteach an méid seo a leanas leis:

‘I gcás ina sainmhínítear $ET2025(NO)_Y$ agus $ET2025(M)_Y$ mar a leanas:

$$ET2025(NO)_Y = \sum_{sg} share_{sg} \times MPW_{sg} \times ET_{sg,2025}$$

$$ET2025(MCO2)_Y = \sum_{sg} share_{sg} \times MPW_{sg} \times \left[\left(1 - pv_{sg}\right) \times ET_{sg,2025} + pv_{sg} \times ETp_{sg,2025}\right]$$

$$ET2025(M)_Y = ET2025(MCO2)_Y + ET(MZE)_Y$$

’.